2026/2510

13.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2510 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Samhain 2026

lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i gCinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus le tearmann agus *non-refoulement*

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint don fhógra a thug Éire gur mian léi glacadh le Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus le tearmann agus *non-refoulement* ([1]), agus gur mian léi a bheith faoi cheangal ag an gCinneadh sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I litir chuig an gCoimisiún dar dáta an 29 Iúil 2026, thug Éire fógra gur mian léi, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i leith limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacadh le Cinneadh (AE) 2023/1076 agus a bheith faoi cheangal aige.

(2) Ba cheart rannpháirtíocht na hÉireann i gCinneadh (AE) 2023/1076 a dheimhniú.

(3) Níl aon choinníoll sonrach i gceist le rannpháirtíocht na hÉireann i gCinneadh (AE) 2023/1076 agus níl gá le haon bheart idirthréimhseach.

(4) Chun go bhféadfaidh Éire Cinneadh (AE) 2023/1076 a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá rannpháirtíocht na hÉireann i gCinneadh (AE) 2023/1076 deimhnithe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 143I, 2.6.2023, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj.